



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 – Imleabhar 5 – Cúlra Eithneach nó Cultúr (Lucht Taistil na hÉireann san áireamh)

Seisear as gach deichniúr de phobal Áiseach na hÉireann ina gcónaí in Éirinn

Léirigh ceist nua a bhí mar chuid de Dhaonáireamh 2006 go raibh 30,624 (nó 58.5%) den 52,345 daoine de shliocht Áiseach nó Áiseach Éireannach a raibh cónaí sa Stát orthu, ina gcónaí i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2006. Ba i mBaile Átha Cliath freisin a bhí an líon ba mhó de dhaoine Dubha nó den phobal Dubh Éireannach (21,132 daoine) b'ionann sin agus 47.7% den ghrúpa sin ag leibhéal an Stáit. Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2006 Imleabhar 5 – Cúlra Eithneach nó Cultúr (Lucht Taistil na hÉireann san áireamh)*, a thugann tuilleadh mionthorthaí ón daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006.

Tá torthaí ar fáil sa tuairisc seo maidir le cúlra eithneach nó cultúr na ndaoine a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát, Lucht Taistil na hÉireann san áireamh, agus clúdaítear na príomhcheisteanna deimeagrafacha agus socheacnamaíocha ar déanadh idirdhealú orthu sa dhaonáireamh. (féach nóta an eagarthóra).

An céatadán is airde daoine Dubha nó Éireannacha Dubha i gCo Lú

Bhí an céatadán ab airde daoine Dubha nó Éireannacha Dubha i gCo Lú le 2.2% den daonra gnáthchónaitheoirí sa rannóg seo i gcomparáid le meánfhigiúr náisiúnta de 1.1%.

Rugadh níos mó ná duine amháin Dubh nó Dubh Éireannach as gach ceathrar in Éirinn

Rugadh 8% de dhaoine Dubha nó Dubh Éireannach a raibh cónaí sa Stát orthu ag am an daonáirimh i 2006 sa tír seo. Mar thoradh tá próifíl aoise óg go maith acu le 34.9% de dhaoine Dubha nó Dubh Éireannach níos óige ná 10 mbliana d'aois i gcomparáid le meánfhigiúr náisiúnta de 14.1%.

Caitlicigh don chuid is mó iad na pobail éagsúla

Caitliceach a bhí i nduine as gach triúr den phobal Dubh nó Dubh Éireannach de réir torthaí daonáirimh 2006 le duine as gach seisear ina Muslamach. Caitlicigh den chuid is mó iad na daoine a bhaineann leis an bpobal Áiseach nó Áiseach Éireannach (26%) agus ansin ba Muslamaigh (22%) an grúpa ba mhó eile.

Proifíl aoise níos óige ag an Lucht Taistil

Beirt as gach cúigear sa Lucht Taistil a bhí níos óige ná 15 bliana d'aois sa bhliain 2006 i gcomparáid le duine as gach cúigear don daonra ina iomlán. Daoine níos aosta (iad siúd a bhí 65 bliana d'aois agus níos sine) a bhí i ndíreach 2.6% den daonra iomlán den Lucht Taistil i gcomparáid le 11% don daonra ginearálta. Mar thoradh ar an struchtúr faoi leith aoise seo ag an Lucht Taistil bhí meán aois de 18 bliana acu i gcomparáid leis an bhfigiúr náisiúnta de 33 bliana.

Tuilleadh /...

An céatadán ab airde den Lucht Taistil i dTuaim

De na bailte le daonra de 5,000 nó níos mó in Aibreán 2006, bhí an céatadán ab airde den Lucht Taistil i dTuaim (7.7%). Ina dhiaidh sin a tháinig Longfort (4.6%), Biorra (4.0%) agus Béal Átha na Slua (3.0%). San iomlán b'ionann pobal Lucht Taistil na hÉireann (22,435) agus 0.5% de dhaonra na hÉireann ag am an daonáirimh sa bhliain 2006.

An chuid is mó de Lucht Taistil na hÉireann ina gcónaí i lóistín buan

Bhí 15,195 den 22,002 den Lucht Taistil a raibh cónaí orthu i dteaghlaigh phríobháideacha sa bhliain 2006 ina gcónaí i lóistín buan. Bhí 5,489 eile ina gcónaí i lóistín sealadach agus níor dhúirt 1,318 den Lucht Taistil cén cineál lóistín a raibh acu. Mar sin bhí ceathrar as gach deichniúr den Lucht Taistil a d'fhreagair an cheist seo ina gcónaí i lóistín sealadach.

Nóta an Eagarthóra

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 1-6, 9 agus 13 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh. ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 29 Márta 2007. Tá na figiúirí seo ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán atá á fhoilsiú inniu, Imleabhar 5. Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí ag leibhéal Toghranna, Ceantar Áitiúil Toghróinne agus do bhailte beaga ar fáil ar shuíomh idirlín na POS amháin.

Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Balheary, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh	(01) 895 1460/61/63/66
Facs:	(01) 895 1399
Ríomh-phost:	census@cso.ie
Idirlíon:	www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

26 Iúil 2007

– CRÍOCH –